

Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2005

Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal

FONDÚIREACHT NA GAEILGE TEORANTA

Meabhrán Comhlachais

1. FONDÚIREACHT NA GAEILGE TEORANTA is ainm don chuideachta.
2. Seo a leanas na príomhchríocha lenar bunaíodh an chuideachta:
 - (a) Airgead a ghnóthú, ar bhonn leanúnach gairmiúil, le haghaidh thionscnamh Gaeilge atá pobalbhunaithe agus inmharthana, de réir mar a leagfar An Mheitheal Straitéise Taighde agus Tionscnamh Teoranta síos,
 - (b) Tacaíocht ghairmiúil a chur ar fáil d'eagrais, do chuideachtaí agus do ghníomhaíochtaí, atá ag feidhmiú laistigh de théarmaí tagartha na cuideachta An Mheitheal Straitéise Taighde agus Tionscnamh Teoranta chun maoiniú a fháil ó ranna stáit, fondúireachtaí carthanachta agus institiúidí idirnáisiúnta, de réir mar a leagfar An Mheitheal Straitéise Taighde agus Tionscnamh Teoranta síos,
 - © Maoiniú a chur ar fáil do An Mheitheal Straitéise Taighde agus Tionscnamh Teoranta,
3. D'fhonn na príomhchríocha réamhluaithe a chur chun cinn go heisiatach beidh na fochríocha seo a leanas ag an gcuideachta:
 - (a) Cruinnithe poiblí, cruinnithe eile, seimineáir, cúrsaí de gach aon chineál, agus aon áiseanna cuí a mheastar a bheith oiriúnach agus inmholta a reáchtáil.
 - (b) Comhoibriú le haon eagrais eile chun aon cheann de na cuspóirí atá luaite anseo a chur chun cinn.
 - (c) Poiblíocht de chineál ar bith a dhéanamh chun cuspóirí na cuideachta a chothú.
 - (d)
 - (i) Síntiúis de gach cineál a iarraidh, a bhailiú nó a fháil, bíodh siad faoi choinníoll nó ná bíodh, agus deontais a ghlacadh gan choinníollacha nó ar choinníollacha speisialta fhad is a réitíonn na coinníollacha speisialta sin leis na cuspóirí a bhfuil an chuideachta bunaithe orthu.
 - (ii) Crannchuir, aonaigh shaothair, bailiúcháin phoiblí, agus bealaí eile chun airgead agus maoin a chruinniú, a reáchtáil, a chur ar siúl, a chothú, agus a fhorbairt go leithleach nó i gcomhpháirt le duine nó grúpa eile.
 - (e) Aon mhaoin réadach nó pearsanta agus aon chearta nó pribhléid a cheannach, a thógáil ar léas nó mar mhalairt ar rud nó ar cíos nó in aon slí eile agus foirgnimh nó struchtúir a thógáil, a chothú agus a aistriú agus

chun aon chuid de mhaoin nó de chearta na cuideachta a dhíol, a fheabhsú, a bhainistiú, a ligean nó a thógáil ar léas, a fhorbairt agus a thabhairt mar mhalairt ar rud, a mhorgáistiú nó a stiúradh in aon slí eile ar bith.

- (f) Airgead a fháil ar iasacht, ar chuntas bainc nó in aon slí eile nó íocaíocht airgid a bhaint amach trí mhorgáiste, trí bhannaí, trí bhintíúir, trí bhíllí malairte, trí nótaí gealltanais nó trí urraíocht ar bith eile ón gcuideachta agus maoin nó sócmhainní na cuideachta nó aon chuid díobh a chur ina mhuirear.
- (g) Polasaithe a leagan síos agus cinntí a dhéanamh maidir le aon chuid d'airgead agus d'acmhainn na cuideachta nach bhfuil ag teastáil láithreach, chun críche cuspóirí na cuideachta, a infheistiú, a chur ar ús, trí bhannaí nó a chaitheamh ar mhaoin ar bith a cheaptar a bheith oiriúnach.
- (h) Cibé polasaithe árachais a mheasfaidh an chuideachta a bheith riachtanach a cheannach.
- (i) Cuirfear teacht isteach uile agus maoin na cuideachta, pé áit as a bhfaightear iad, ar fáil chuig An Mheitheal Straitéise Taighde agus Tionscnamh Teoranta chun cuspóirí na cuideachta a chur chun cinn agus chuige sin amháin, agus ní íocfar agus ní aistrefar aon chuid díobh le comhaltaí na cuideachta nó chuig na stiúrthóirí nó chucu go díreach nó go hindíreach mar dhíbhinn, mar bhónas ná ar aon slí eile i bhfoirm brabúis.
- (j) Sa chás go bhfuil an chuideachta le foirceannadh má tá aon mhaoin ar bith fágtha tar éis don chuideachta a fiacha agus a dualgas a réiteach, níl sé ceadaithe an mhaoin sin a íoc le comhaltaí na cuideachta ná a roinnt eatarthu ach tabharfar nó aistrefar an leibhéal maoin sin do institiúid nó institiúidí eile a bhfuil cuspóirí atá cosúil le cuspóirí na cuideachta aici nó acu agus go mbeidh cosc ar dháileadh maoin agus ioncaim idir a comhaltaí nó a gcomhaltaí atá ar aon leibhéal coisc leis na coisc atá curtha ar an gcuideachta in alt 3 den Mheabhrán seo, agus go mbeidh an institiúid nó na hinstitiúidí sin ainmnithe ag an gcuideachta ag/nó roimh am foirceanta agus dá mba rud é nárbh fhéidir an cuntas carthanachta a bheith deonaithe ag an gcuideachta.

AR CHOINNÍOLL i gcás go dtógfaidh nó go sealbhóidh an chuideachta aon mhaoin faoi dhlínse Choimisinéirí Deontas agus Tiomnachaí Carthanúla na hÉireann nach ndéanfaidh an chuideachta an céanna a dhíol, a mhorgáistiú, a mhuirearú ná a léasú gan cibé údarás, formheas nó toiliú ba ghá de réir dlí, agus maidir le haon mhaoin den sórt sin beidh stiúrthóirí nó iontaobhaithe na cuideachta inchurtha faoi mhuirear i leith cibé maoin a thiofadh lena láimh agus beidh siad freagrach agus cuntasach as a ngníomhartha, a n-admhálacha, a bhfaillíocha agus a mainneachtaintí féin, agus i riaradh cuí na maoin sin ar an modh céanna agus sa mhéid chéanna ina mbeidís mar stiúrthóirí nó iontaobhaithe amhlaidh dá mba rud é nach ndearnadh aon chorprú, agus

ní thabharfadh corprú na cuideachta laghdú nó lagú ar aon smacht ná údarás is infheidhmithe ag an Ard-Chúirt nó ag Coimisinéirí Deontas agus Tiomnachtaí Carthanúla na hÉireann ar na stiúrthóirí nó na hiontaobhaithe sin, ach beidh siad, maidir le haon mhaoín den sórt sin, faoi réir an rialúcháin nó an údaráis sin i gcomhpháirt agus go leithleach amháin is dá mbeadh an chuideachta gan bheith corpraithe. I gcás ina dtógfaidh an chuideachta nó ina sealbhóidh sí aon mhaoín a bheidh faoi réir aon iontaobhais, ní dhéileálfaidh an chuideachta leis an gcéanna ach amháin cibé dóigh is cead de réir dlí, ag féachaint do na hiontaobhais sin.

4. Ní chuirfear ioncam agus maoin na cuideachta, cibé foinse as a thiocfaidh siad, chun feidhme ach amháin chun a bpríomhchríocha mar atá siad leagtha amach sa Mheabhrán Comhlachais seo a chur chun cinn, agus ní dhéanfar aon chuid díobh, go díreach ná go hindíreach, a íoc i modh díbhinne ná bónais, ná ar dóigh ar bith eile i modh brabúis le comhaltaí na cuideachta ná le haon duine áirithe díobh nó ní aistreofar amhlaidh iad.

AR CHOINNÍOLL nach gcuirfidh aon ní dá bhfuil anseo cosc le híocaíocht a dhéanamh, de mheon macánta, as luach saothair réasúnta cóir le haon oifigeach nó seirbhíseach de chuid na cuideachta, nó le haon chomhalta den chuideachta i gcomaoín aon seirbhísí a rinneadh iarbhír don chuideachta ná cosc le hús a íoc nach mó ná 5% sa bhliain ar airgead a tugadh ar iasacht nó cíos cóir réasúnta as áitribh a fhorléasadh nó a ligeadh chun na cuideachta ag comhalta ar bith, ach ar dhóigh nach gceapfar aon chomhalta de bhord stiúrthóirí na cuideachta chuig aon oifig thuarastail sa chuideachta a n-íoctar aisti le táillí agus nach dtabharfaidh an chuideachta aon luach saothair ná sochar eile in airgead d'aon chomhalta den bhord stiúrthóirí sin, ach amháin chun go n-aisíocfar caiteachas as póca agus ús de réir an ráta réamhluaite ar airgead a tugadh ar iasacht nó cíos cóir réasúnta ar áitribh a fhorléasadh nó a ligeadh chun na cuideachta.

AR CHOINNÍOLL nach mbainfidh an fhoráil is déanaí atá luaite roimhe seo le haon íocaíocht a thabhairt d'aon chuideachta a d'fhéadfadh comhalta den bord stiúrthóirí bheith ina chomhalta di agus nach mbeidh ag an gcomhalta sin níos mó ná aon chéadú cuid amháin den chaipiteal agus nach mbeidh de cheangal ar an gcomhalta sin cuntas a thabhairt i dtaobh aon sciar brabús a gheobhaidh sé i leith aon íocaíochta den sórt sin.

4. Tá teorainn le dliteanas na gcomhaltaí.
5. Gabhann gach comhalta den chuideachta air féin ranníocaíocht a dhéanamh le sócmhainní na cuideachta, i gcás an céanna a fhoirceannadh le linn é a bheith ina chomhalta, nó laistigh de bhliain tar éis dó scor de bheith ina chomhalta, chun íoc as fiacha agus dliteanas na cuideachta a tabhaíodh sula scoirfidh sé de bheith ina chomhalta, agus as costais, muirir agus caiteachais an fhoirceanta, agus le haghaidh coigeartú ar chearta na ranníocaíochtaí eatarthu féin, cibé suim is gá nach mó ná aon euro amháin.

6. Más rud é ar an gcuideachta a fhoirceannadh nó a dhíscaoileadh go mbeidh maoin ar bith fágtha tar éis a fiacha agus a dliteanais go léir a shásamh, ní íocfar an céanna le comhaltaí na cuideachta ná ní roinnfear eatarthu é, ach is amhlaidh a thabharfar nó a aistreofar é chuig institiúid nó institiúidí carthanúla éigin eile ag a bhfuil príomhchríocha cosúil le príomhchríocha na cuideachta (agus a choisfidh dáileadh a hioncainm nó a n-ioncam nó a maoin ar a comhaltaí nó a gcomhaltaí an oiread céanna ar a laghad is a choisctear sin ar an gcuideachta faoi réir nó de bhua Chláisail 3 de seo) an institiúid nó na hinstitiúidí sin a bheith le cinneadh ag comhaltaí na cuideachta tráth an díscaoilte nó roimhe sin, agus mura féidir, agus sa mhéid nach féidir, éifeacht a thabhairt do na forálacha sin, le haghaidh cuspóra carthanúla éigin.
7. Coimeádfar cuntais fhírinneacha ar an airgead go léir a gheobhaidh an chuideachta agus a chaithfidh sí agus ar na hábhair gur ina leith a tharlaíonn na fáltais agus na caiteachais sin agus i dtaobh creidmheasanna agus dliteanais na cuideachta. Uair amháin sa bhliain, ar a laghad, scrúdófar na cuntais sin, in éineacht le clár comhardaithe, agus cinnfidh iniúcháir nó iniúcháirí cuícháilithe cruinneas an chláir chomhardaithe agus, faoi réir aon sriantachtaí réasúnta i dtaobh tráth agus modh iniúchta an chéanna a bheidh leagtha síos de réir rialacháin na cuideachta de thuras na huaire, beidh siad ar oscailt chun a scrúdaithe ag comhaltaí agus ag na Coimisinéirí Ioncainm.
8. Ní chuirfear leis an Meabhrán seo agus ní dhéanfar aon athrú air gan chead a fháil chuige roimhré ó na Coimisinéirí Ioncainm.

SINNE, na daoine leithleacha a bhfuil ár n-ainmneacha agus ár seoltaí foscríofa, is mian linn go ndéanfaí cuideachta dínn de bhun an Mheabhráin Chomhlachais seo.

AINMNEACHA, SEOLTAÍ AGUS TUAIRISCÍ NA SÍNITHEOIRÍ

Arna dhátú an ú lá seo de 2006
Finné leis na sínithe anseo thuas:

Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2005

Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal

FONDÚIREACHT NA GAEILGE TEORANTA

Airteagail Chomhlachais

RÉAMHRÁITEACH

1. Sna míreanna seo:
Ciallaíonn 'NA STIÚRTHOIRÍ' comhaltaí Bhord na Stiúrthóirí/an Choiste Riartha;
Ciallaíonn 'CATHAOIRLEACH' an té atá tofa ag cruinniú bliantúil mar 'cathaoirleach' na cuideachta;
Ciallaíonn "COISTE RIARTHA" Bord na Stiúrthóirí.
Déanfar abairtí a thagraíonn do scríbhinn a fho-léiriú, mura léir a mhalairt d'intinn mar thagairtí a fholáíonn tagairtí do chlódóireacht, liteagrafaíocht, fótagrafaíocht, agus aon mhodhanna eile chun focail a mhacasamhlú nó a atáirgeadh i bhfoirm infheicthe.
2. Tá An Meitheal Straitéise Taighde agus Tionscnamh Teoranta ina comhalta den chuideachta seo le ceannas aici ar chomhdhéanamh boird stiúrthóirí na cuideachta seo.

COMHALTAÍ

3. (a) Is iad a bheidh ina gcomhaltaí den chuideachta ná:
 - (i) Na Stiúrthóirí
 - (ii) An Meitheal Straitéise Taighde agus Tionscnamh Teoranta,
 - (iii) Daoine eile a thugann An Meitheal Straitéise Taighde agus Tionscnamh Teoranta cuireadh dóibh a bheidh ina gcomhaltaí agus a ghlacann leis an gcuireadh agus le Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais na cuideachta seo,
 - (iv) Beidh uasmhéid de fiche cúig comhalta ainmnithe ag An Meitheal Straitéise Taighde agus Tionscnamh Teoranta faoi mhír 3 (a) (iii) thuas,
 - (b) Beidh teorainn bhallraíochta cúig bhliana ag na comhaltaí a ainmnítear faoi mhír 3 (a) (iii) thuas,
 - (c) Ní bheidh aon teorainn ama comhaltais ag na stiúrthóirí nó ag An Meitheal Straitéise Taighde agus Tionscnamh Teoranta.
 - (d) Is féidir na comhaltaí a ainmnítear faoi mhír 3 (a) (iii) a athainmniú.
4. Féadfaidh aon chomhalta den chuideachta, no stiúrthóir ar bith, eirí as oifig trí fhógra i scríbhinn a fhágáil in oifig chláráithe na cuideachta agus beidh feidhm

leis an eirí as sin chomh luath is a dhéantar é a thaifeadadh i miontuairiscí an Choiste Riartha.

CRUINNITHE

5. Faoi réir mhír 8, tionólfaidh an chuideachta Cruinniú Ginearálta mar Chruinniú Cinn Bhliana na cuideachta, i dteannta aon chruinnithe eile sa bhliain sin, agus sonróidh sé an cruinniú amhlaidh sna fógraí á thionól, agus ní mór an Cruinniú Cinn Bhliana sin a bheith ann lá éigin nach luaithe ná an chéad lá den Mhárta in aon bhliain, agus lá éigin nach déanaí ná an lá deiridh d'Aibreán na bliana sin.
6. Tabharfar Cruinniú Ginearálta Úrghnách ar gach cruinniú ginearálta nach Cruinniú Cinn Bhliana é.
7. Féadfaidh na stiúrthóirí, aon uair is cuí leo, Cruinniú Ginearálta Úrghnách a chomóradh freisin arna bhforéileamh faoi réir mhír 26 de na hAirteagail seo.
8.
 - (a) Déanfar Cruinniú Ginearálta Cinn Bhliana a thionól le fógra 21 lá ar a laghad i scríbhinn, agus tionólfar gach aon chruinniú ginearálta eile le fógra 14 lá ar a laghad i scríbhinn. Sonróidh an fógra áit, lá agus am an chruinnithe, an cineál gnó atá ann, agus má tá rún nó rúin ar an gclár gnó, sonróidh an fógra an rún nó na rúin sin go beacht, maille le hainmneacha na ndaoine nó na gcomhaltaí atá á moladh.
 - (b) Ní foláir an córas seo a chur i gcrích maidir le fógraí rúin le haghaidh Cruinniú Ginearálta Cinn Bhliana:
 - (i) Tabharfaidh rúnaí na cuideachta réamhfhógra le dáta an chruinnithe cinn bhliana do na comhaltaí mar a shonraítear ag 3 (a) iad ocht seachtain roimh dháta an chruinnithe, ach má ráiníonn trí thimpiste go mbíonn comhalta nó comhaltaí dóibh gan an réamhfhógra seo a fháil ní bheidh an cruinniú ar neamhéifeacht,
 - (ii) Más áil le comhalta nó comhaltaí, nó le stiúrthóirí ar bith, rún nó rúin a mholadh don Chruinniú Ginearálta Cinn Bhliana, ní foláir an rún nó na rúin a chur i scríbhinn faoi ainm nó ainmneacha na moltóirí, agus an rún nó na rúin sin a bheith sínithe, agus a bheith tugtha i lámha rúnaí na cuideachta cúig sheachtain roimh dháta an chruinnithe.
9. Má tharlaíonn de thionóisc nach dtabharfar fógra faoi chruinniú d'aon duine a bheidh i dteideal fógra a fháil, nó nach bhfaighidh sé/sí fógra faoi, ní chuirfidh sin na himeachtaí ag an gcruinniú ó bhail.
10. Measfar gur gnó speisialta an gnó uile a dhéanfar ag Cruinniú Ginearálta Úrghnách agus freisin an gnó uile a dhéanfar ag Cruinniú Ginearálta Cinn

Bhliana, taobh amuigh de na cuntais agus na cláir chomhardaithe agus tuarascálacha na stiúrthóirí agus na n-íniúcháirí a bhreithniú, stiúrthóirí a thoghadh, iniúcháirí a cheapadh agus luach saothair na n-íniúcháirí a shocrú.

11. Ní dhéanfar gnó ar bith ag an gCruinniú Ginearálta mura mbíonn córam i láthair. Is córam é dáréag, idir ionadaithe agus stiúrthóirí, a bheidh i láthair go pearsanta.
12. Más rud é, faoi cheann leathuair an chloig ón am a ceapadh don chruinniú, nach mbeidh córam i láthair, beidh an cruinniú ar scor más ar fhoréileamh ó chomhaltaí a comóradh é; in aon chás eile beidh sé ar atráth go dtí an lá céanna an tseachtain dar gcionn, ag an am céanna agus san áit chéanna, nó go dtí cibé lá eile agus cibé am agus áit a chinnfidh na stiúrthóirí, agus dá dtarlódh ag an gcruinniú atrátha nach mbeidh córam i láthair faoi cheann leathuair an chloig ón am a ceapadh don chruinniú, beidh na comhaltaí a beidh i láthair ina gcóram.
13. Is é an Cathaoirleach, más ann, ar an mBord Stiúrthóirí a bheidh i gceannas mar Chathaoirleach ag gach Cruinniú Ginearálta den chuideachta, nó mura mbeidh aon Chathaoirleach den sórt sin ann, nó mura mbeidh sé i láthair faoi cheann 15 nóiméad tar éis an ama a ceapadh chun an cruinniú a thionól, nó mura mbeidh sé toilteanach gníomhú, toghfaidh na stiúrthóirí a bheidh i láthair duine dá líon féin chun a bheith ina Chathaoirleach ar an gcruinniú.
14. Más rud é ag cruinniú ar bith nach mbeidh aon stiúrthóir toilteanach gníomhú mar Chathaoirleach, nó nach mbeidh aon stiúrthóir i láthair faoi cheann 15 nóiméad tar éis an ama a ceapadh chun an cruinniú a thionól, roghnóidh na hionadaithe mar a shonraítear ag mír 3 (ii) agus (iii) thuas Cathaoirleach as a measc féin.
15. Féadfaidh an Cathaoirleach, le toiliú aon chruinnithe a mbeidh córam i láthair aige, agus déanfaidh sé, má ordaíonn an cruinniú amhlaidh, an cruinniú a atráthú. I gcás cruinniú a atráthú go ceann 30 lá nó níos mó, tabharfar fógra faoin gcruinniú atrátha mar a dhéanfaí i gcás cruinniú bunaidh. Ach amháin mar a dúradh, ní gá aon fhógra a thabhairt faoi athrathú ná faoin ngnó a bheidh le déanamh ag cruinniú atrátha.
16. Ag aon Chruinniú Ginearálta, déanfar rún a chuirfear faoi vóta an chruinnithe a chinneadh le taispeáint lámh ach amháin i gcás vótaíocht éileamh (roimh an taispeáint lámh nó tar éis a thoradh a fhógairt) —
 - (a) ag an gCathaoirleach; nó
 - (b) ag deich gcomhalta ar a laghad a bheidh i láthair go pearsanta.

Mura rud é go n-éileofar vótaíocht amhlaidh, beidh dearbhú ón gCathaoirleach go ndearnadh, ar thaispeáint lámh, rún a rith, nó é a rith d'aon ghuth nó ag tromlach áirithe, nó a chailleadh, agus taifead sa chéill sin sa leabhar ina gcoimeádfar na miontuairiscí ar imeachtaí na cuideachta.

17. I gcás comhionannas vótaí, cibé acu ar thaispeáint lámh nó ar vótaíocht é, beidh teideal ag Cathaoirleach an chruinnithe, a ndéanfar an taispeáint lámh nó a n-éileofar an vótaíocht aige, chun an dara vóta nó vóta réitigh a thabhairt.
18. (a) Ní bheidh i dteideal vótáil ag aon chruinniú ach na stiúrthóirí chomh maith leis na comhaltaí mar a shonraítear ag mír 3 (a) (ii) agus (iii) thuas iad a bhfuil na coinníollacha comhaltais comhlíonta acu,

(b) Chun na coinníollacha comhaltais a chomhlíonadh ní mór do gach comhalta (seachas An Meitheal Straitéise Taighde agus Tionscnamh Teoranta) a bheith cláraithe agus an táille chláráithe chuí íoctha um an 31ú lá de mhí na Nollag den bhliain atá díreach imithe thart agus an táille chláráithe reatha a bheith íoctha chun dáta ar dháta an chruinnithe.
19. Ní dhéanfar aon agóid i gcoinne cháilíocht aon vótálaí ach amháin ag an gcruinniú, nó ag an gcruinniú atrátha, a dtabharfar nó a dtairgfear an vóta aige, agus beidh gach vóta nach ndícheadófar ag an gcruinniú sin ina vóta bailí chun gach críche. Aon agóid den sort sin a dhéanfar i dtráth cuí, cuirfear faoi bhráid Chathaoirleach an chruinnithe é agus beidh a chinneadh sin ina chinneadh críochnaitheach dochloíte.
20. Beidh aon vóta amháin ag gach oifigeach nó comhalta den Choiste Riartha a bheidh i láthair go pearsanta ag Cruinniú Ginearálta.
21. Aon chuideachta chorpraithe atá ina comhalta den chuideachta féadfaidh sí, le rún óna stiúrthóirí nó ón gcuideachta cheannais eile a bheidh uirthi, a údarú don duine is cuí léi gníomhú mar ionadaí di ag aon chruinniú den chuideachta ach a bheith i láthair go pearsanta, agus beidh an duine a údarófar amhlaidh i dteideal na cumhachtaí céanna a fheidhmiú, thar ceann an chomhalta chorpraithe a mbeidh sé ina ionadaí dó, a d'fhéadfadh an chuideachta chorpraithe sin a fheidhmiú dá mba chomhalta aonair den chuideachta é.
22. Is in Éirinn a thionólfar gach Cruinniú Ginearálta den chuideachta.

STIÚRTHÓIRÍ

23. (a) Beidh uasmhéid de dheichniúr stiúrthóir.

(b) Ainmneoidh An Meitheal Straitéise Taighde agus Tionscnamh Teoranta seisear stiúrthóir as stiúrthóirí na cuideachta sin féin agus is iad na daoine seo a shíneoidh an Meabhrán agus na hAirteagail Chomhlachais seo.

(c) Is iad céad stiúrthóirí na Fondúireachta atá ainmnithe ag an Meitheal Straitéise Taighde agus Tionscnamh Teoranta a ainmneoidh an ceathrar céad stiúrthóir eile.

- (d) Má éiríonn stiúrthóir ainmnithe ag An Meitheal Straitéise Taighde agus Tionscnamh Teoranta as stiúrthóireacht na cuideachta sin beidh a c(h)uid stiúrthóireacht ar an gcuideachta seo cealaithe dá réir.
 - (e) Beidh tréimhse oifige cúig bliana ag stiúrthóirí, ach amháin na chéad stiúrthóirí. I gcás na chéad stiúrthóirí imeoidh siad as oifig mar seo a leanas:
 - (i) imeoidh triúr stiúrthóir as oifig tar eis trí bliana oifige,
 - (ii) imeoidh triúr stiúrthóir eile as oifig tar éis ceithre bliana oifige,
 - (iii) imeoidh triúr stiúrthóir eile as oifig tar eis cúig bliana oifige,
 - (iv) imeoidh an deichiú stiúrthóir oifig tar éis sé bliana oifige.
 - (f) Is féidir stiúrthóirí a atoghadh chomh fada is nach sáraíonn an mhír seo mír 23(a) (b) agus (d) thuas.
 - (g) Roghnóidh na comhaltaí, ag cruinniú ginearálta cinn bhliana, ceathrar stiúrthóir, faoi mír 23 (a) chomh fada is nach sáraíonn an mhír seo mír 23 (c). .
24. (a) Is iad na stiúrthóirí ag cruinniú na stiúrthóirí a thoghfar Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, Rúnaí Oinigh, agus Cisteoir, mar oifigigh na cuideachta,
- (b) Beidh tréimhse oifige trí bliana ag na hoifigigh. Is féidir na hoifigigh a atoghadh,
- (c) Glaofar Coiste Riartha ar choiste na stiúrthóirí,
- (d) Is é an Coiste Riartha a bheidh i gceannas na cuideachta idir cruinnithe ginearálta na cuideachta,
- (e) Feidhmeoidh an Cathaoirleach mar cheannasaí na cuideachta idir chruinnithe an Choiste Riartha, agus tabharfaidh sé/sí treoir do na fostaithe, nó ar iarratas ón gCathaoirleach, nó ina (h)éagmais, comhlíonfaidh an Leas-Chathaoirleach an fheidhm sin idir chruinnithe de na stiúrthóirí, nó ina (h)éagmais siúd, feidhmeoidh ball eile den Choiste Riartha ceaptha ag baill an Choiste Riartha amhlaidh go dtí an chéad chruinniú eile de na stiúrthóirí agus beidh sé de chead ag na stiúrthóirí ansin pé ionadaí nó ionadaithe den Chathaoirleach is rogha leo a cheapadh le feidhmiú go dtí an chéad chruinniú eile arís de na stiúrthóirí nó ó pé tréimhse a mheasfar a bheith cuí agus oiriúnach.
25. I gcás go n-éiríonn oifigeach as an gCoiste Riartha nó as a d(h)ualgas i rith na tréimhse oifige, líonfar folúntais de réir an ghnáis seo:
- (i) Más é an Cathaoirleach a éiríonn as rachaidh an Leas-Chathaoirleach i gceannas de bhua oifige.
 - (ii) Má tharlaíonn nach mian leis an té atá ag feidhmiú mar Leas-Chathaoirleach dualgais na Cathaoirleachta a chomhlíonadh,

toghfaidh na stiúrthóirí Cathaoirleach nua ag cruinniú speisialta a ghairfear chuige sin.

- (iv) Más oifigeach ar bith eile a éiríonn as oifig toghfaidh na stiúrthóirí eile comharba ag cruinniú speisialta a ghairfear chuige sin.

26. Féadfaidh an bord stiúrthóirí cinneadh a ghlacadh ag am ar bith Cruinniú Ginearálta Úrghnách a thionól le haghaidh gnó ar bith de chuid na cuideachta a phlé nó le rún a mheas, agus is féidir an cinneadh seo a ghlacadh ag cruinniú de chuid na stiúrthóirí nó trí rún i scríbhinn arna shíniú ag dhá thrian de na comhaltaí agus fógra seacht lá glan ar a laghad a bheith tugtha do na stiúrthóirí agus gnó an chruinnithe sonraithe go beacht sa bhfógra sin.
27. Tionólfar cruinnithe na stiúrthóirí ar a laghad sé huairé i n-aghaidh na bliana.
28. (a) Féadfaidh an bord stiúrthóirí cinneadh a ghlacadh ag am ar bith cruinniú nó cruinnithe den bhord stiúrthóirí a thionól le haghaidh gnó ar bith de chuid na cuideachta a phlé nó le rún a mheas, agus is féidir an cinneadh seo a ghlacadh ag cruinniú de chuid na stiúrthóirí nó trí rún i scríbhinn arna shíniú ag dhá thrian de na stiúrthóirí agus fógra seacht lá glan ar a laghad a bheith tugtha do na stiúrthóirí agus gnó an chruinnithe sonraithe go beacht sa bhfógra sin.
- (b) Féadfaidh an Cathaoirleach, nó féadfaidh cruinniú de na hoifigigh, cruinniú den bhord stiúrthóirí a thionól ag am ar bith ach fógra seacht lá glan ar a laghad ina mbeidh gnó an chruinnithe sonraithe go beacht, a thabhairt do na stiúrthóirí go léir.
29. (a) Féadfaidh na stiúrthóirí ag am ar leith, nó ó am go ham, stiúrthóirí eile a chomhthoghadh an fad is nach sáraítear forálacha 23 (a) thuas, agus nach mbeidh líon na stiúrthóirí comhthofa sin níos mó ná beirt in aon bhliain ar leith.
- (b) Feidhmeoidh gach stiúrthóir comhthofa go dtí an chéad Chruinniú Ginearálta Cinn Bhliana eile i ndiaidh a bheith comhthofa.
- (c) Ní mór rún i scríbhinn le fógra seacht lá glan ar a laghad a bheith tugtha do gach aon stiúrthóir chun gur féidir duine a chomhthoghadh mar stiúrthóir, agus ní mór ainm an té sin a bheith tugtha sa rún maille le dearbhú i scríbhinn ón té sin go n-aontaíonn sé/sí leis an rún, agus freisin ainm an stiúrthóra atá ag moladh an té atá le comhthoghadh.
30. I gcás go gcailleann stiúrthóir ar bith sé chruinniú i ndiaidh a chéile gan leithscéal atá inghlactha ag an gCoiste Riartha ní áireofar an duine sin mar stiúrthóir a thuilleadh.
31. Féadfaidh an cuideachta gach costas taistil, lóistín agus aon chostas eile a íoc leis na stiúrthóirí nó leis na comhaltaí nó a n-ionadaithe fhad is a tharraingeofar na

costais sin orthu trí bheith ag freastal ar nó ag filleadh ó chruinnithe stiúrthóirí nó aon chruinnithe de choiste stiúrthóirí nó aon chruinnithe eile a bhaineann leis an gcuideachta nó le haon ghnó eile a bhaineann le gnó na cuideachta agus atá ceadaithe go cuí ag an mbord stiúrthóirí nó ag Cruinniú Ginearálta.

32. Féadfaidh na stiúrthóirí na cumhachtaí uile a fheidhmiú a bheidh ag an gcuideachta chun airgead a fháil ar iasacht, agus chun a ghnóthas agus a mhaoín nó aon chuid den ghnóthas agus den mhaoín chéanna, a mhorgáistiú nó a mhuirearú, agus chun bintiúir, agus urrúis eile a eisiúint, go glan amach nó mar urrús ar aon fhiach, dliteanas nó oibleagáid de chuid na cuideachta nó aon tríú páirtí.
33. Déanfar gach seic, nóta gealltanais, dréacht, bille malairte agus ionstraim sóshannta eile, agus gach admháil ar airgead a íocfar leis an gcuideachta, a shíniú, a tharraingt, a ghlacadh, a fhorghníomhú nó a fhorghníomhú ar shlí eile, de réir mar a bheidh, ag cibé duine nó daoine agus i cibé slí a chinnfidh na stiúrthóirí ó am go ham le rún.
34. Cuirfidh na stiúrthóirí faoi deara go gcuirfear miontuairiscí i leabhair a sholáthrófar chuige sin:-
 - (a) ar gach ceapachán oifigeach a dhéanfaidh na stiúrthóirí,
 - (b) ar ainmneacha na stiúrthóirí a bheidh i láthair ag gach cruinniú de na stiúrthóirí agus d'aon choiste de na stiúrthóirí,
 - (c) ar gach rún agus imeacht ag gach cruinniú den chuideachta agus de na stiúrthóirí agus de choistí stiúrthóirí.
35. Féadfaidh na stiúrthóirí teacht le chéile chun gnó a chur i gcrích, agus féadfaidh siad a gcruinnithe a atrathú agus a rialú thairis sin mar is cuí leo. Déanfar ceisteanna a éireoidh ag aon chruinniú a chinneadh le tromlach simplí vótaí. I gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gCathaoirleach.
36. Féadfaidh na stiúrthóirí an córam a shocrú a bheidh riachtanach chun gnó na stiúrthóirí a dhéanamh, agus mura socraítear amhlaidh é is iad ceathrar an córam.
37. Féadfaidh na stiúrthóirí leanúnacha gníomhú d'ainneoin aon fholúntais ina líon ach, má bhíonn agus fhad a bheidh a líon faoi bhun an lín a socraíodh, le hAirteagail Chomhlachais na cuideachta nó dá mbun, mar chóram riachtanach stiúrthóirí, féadfaidh na stiúrthóirí leanúnacha nó an stiúrthóir leanúnach gníomhú chun an líon stiúrthóirí a mhéadú go dtí an líon sin nó chun Cruinniú Ginearálta den chuideachta a thionól ach ní fhéadfaidh siad gníomhú chun aon chríche eile.
38. Más rud é ag aon chruinniú nach mbeidh an Cathaoirleach i láthair faoi cheann 15 nóiméad i ndiaidh an ama a ceapadh chun an cruinniú a thionól, féadfaidh na

stiúrthóirí a bheidh i láthair duine dá líon féin a roghnú chun bheith ina Chathaoirleach ar an gcruinniú.

39. Féadfaidh na stiúrthóirí aon chumhachtaí dá gcuid a tharmligean chun coistí ar a mbeidh cibé comhalta no comhaltaí den Choiste Riartha is cuí leis na stiúrthóirí, agus aon choiste a bhunófar amhlaidh déanfaidh sé, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tharmligtear amhlaidh, aon rialacháin a chomhlíonadh a chuirfidh na stiúrthóirí de chúram ar an gcoiste.
40. Féadfaidh coiste cathaoirleach ar a chruinnithe a thoghadh; mura dtoghfar aon chathaoirleach den sórt sin, nó, más rud é ag aon chruinniú nach mbeidh an cathaoirleach i láthair faoi cheann 15 nóiméad tar eis an ama a ceapadh chun an cruinniú a thionól, féadfaidh na comhaltaí a bheidh i láthair duine dá líon féin a roghnú chun bheith ina Chathaoirleach ar an gcruinniú.
41. Féadfaidh coiste teacht le chéile agus dul ar atráth mar is cuí leis. Déanfar ceisteanna a éireoidh ag aon chruinniú a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair, agus i gcás comhionannas vótaí beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gCathaoirleach.
42. Gach gníomh a dhéanfaidh aon chruinniú den Choise Riartha nó de choiste stiúrthóirí nó aon duine a bheidh ag gníomhú mar stiúrthóir, beidh sé, dainneoin fios a fháil ina dhiaidh sin go raibh locht éigin ar cheapadh aon stiúrthóra den sórt sin nó aon duine a bheidh ag gníomhú mar a dúradh, nó go raibh siad go léir nó aon duine acu dícháilithe, chomh bailí agus dá mbeadh gach duine den sórt sin arna cheapadh go cuí agus cáilithe chun bheith ina stiúrthóir.
43. Beidh rún i scríbhinn arna shíniú ag na stiúrthóirí go léir a bheidh de thuras na huaire i dteideal fógra a fháil faoi chruinniú de na stiúrthóirí chomh bailí agus dá mbeadh sé arna rith ag cruinniú de na stiúrthóirí a comóradh agus a tionóladh go cuí.
44. Déanfaidh na stiúrthóirí foireann a cheapadh go ceann cibé tréimhse, agus ar cibé luach saothair agus coinníollacha, is cuí leo; agus féadfaidh siad aon bhall foirne a cheapfar amhlaidh a chur as oifig.

CUNTAS AIRGID

45. Cuirfidh na stiúrthóirí faoi deara go gcoimeádfar leabhair chuntais mar is cuí a bhainfidh –
 - (a) leis na suimeanna airgid go léir a gheobhaidh agus a chaithfidh an chuideachta agus leis na nithe a bhfuarthas agus ar caitheadh iad ina leith,
 - (b) leis na hearraí uile a dhíolfaidh agus a cheannóidh an chuideachta, agus

(c) le sócmhainní agus dliteanais na cuideachta.

Ní mheasfar leabhair a bheith á gcoimeád mar is cuí mura gcoimeádfar na leabhair chuntais is gá chun léargas fíorcheart a thabhairt ar staid chúrsaí na cuideachta agus chun a idirbhearta a mhíniú.

46. Coimeádfar na leabhair chuntais in oifig chláraithe na cuideachta nó i cibé áit is cuí leis na stiúrthóirí, agus beidh siad ar fáil gach tráth réasúnach chun a scrúdaithe ag na stiúrthóirí.
47. Cinnfidh na stiúrthóirí ó am go ham cé acu a bheidh agus cá mhéad a bheidh, agus cad iad na tráthanna agus na háiteanna a mbeidh, agus na coinníollacha agus na rialacháin faoina mbeidh, cuntais agus leabhair na cuideachta nó aon cheann díobh ar fáil chun a scrúdaithe ag comhaltaí, nach stiúrthóirí iad, agus ní bheidh ceart ar bith ag aon chomhalta (nach stiúrthóir é/í) chun aon chuntas nó leabhar nó doiciméad de chuid na cuideachta a scrúdú ach amháin ceart mar a thugtar le reacht nó mar a údaróidh na stiúrthóirí nó an chuideachta i gCruinniú Ginearálta.
48. Cuirfidh na stiúrthóirí faoi deara ó am go ham go n-ullmhófar agus go leagfar faoi bhráid Chruinniú Ginearálta Cinn Bhliana na cuideachta cibé cuntais sochair agus dochair, cláir chomhardaithe, grúpchuntais, agus tuarascálacha is gá de réir na míreanna sin a ullmhú agus a leagan faoi bhráid Chruinniú Ginearálta Chinn Bhliana na cuideachta.

AN GHAELGE

49. Is trí Ghaeilge a dhéanfar gnó na cuideachta a oiread agus is indéanta sin.

AINMNEACHA, SEOLTAÍ AGUS TUAIRISCÍ NA SÍNITHEOIRÍ

Arna dhátú an ú lá seo de 2006
Finné leis na sínithe anseo thuas:

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus gan scairchaipiteal

FONDÚIREACHT NA GAEILGE TEORANTA

MEABHRÁN

AGUS

AIRTEAGAIL

CHOMHLACHAIS

Uimhir chláráithe: 432242

Dáta corpraithe: 21 Nollaig 2006